# Ciste Forbartha na mBall – Polasaí/Treoirlínte.

## 1.Cad is Ciste Forbartha na mBall ann?

Tá Ciste Forbartha na mBall á bhainistiú agus á riaradh ag an Rannóg Forbartha Pobail, Comhairle Contae Dhún na nGall. Cé gur foinse bheag mhaoinithe í, tá solúbthacht ag baint léi. Cuirtear an maoiniú ar fáil chun cuidiú le grúpaí áitiúla tionscadail agus gníomhaíochtaí grúpa a fhorbairt sa phobal. Ceadaítear maoiniú don chiste seo gach bliain agus déantar é a roinnt go cothrom ar na 37 Ball.

## 2. Incháilitheacht.

(i) Ní mór dóibh sin a chuireann iarratas isteach a bheith ina ngrúpa/nó ina dtionscadal forbartha pobail neamhbhrabúsach agus go rachaidh an maoiniú chun leasa do Chontae Dhún na nGall.

(ii) Déantar ranníocaíochtaí ón chiste a dháileadh de réir na ngníomhaíochtaí mar a leagtar amach in Alt 66 agus 67 agus i Sceideal 13 den Acht Rialtais Áitiúil 2001. I measc na dtionscadal a thacaítear leo tá:

- **Gníomhaíochtaí Fóillíochta agus Caitheamh Aimsire -** páirceanna, gairdíní, spásanna oscailte, áiteanna súgartha, trealamh súgartha, ainmhithe, suíomhanna picnicí, pointí amhairc, cosáin, siúlóidí, báid, céanna, áiteanna eile le teacht i dtír agus muiríní, a sholáthar.
- **Spórt agus Cluichí -** páirceanna imeartha (istigh agus amuigh), raonta luthchleasaíochta, linnte snámha agus áiteanna snámha eile, ionaid spóirt, hallaí gleacaíochta agus áiseanna eile a sholáthar chomh maith le himeachtaí spóirt a reáchtáil.
- **Gníomhaíochtaí Ealaíon, Teangeolaíochta, Cultúrtha -** gailearaithe ealaíne, ionaid ealaíon, hallaí ceoil, músaeim, amharclanna agus árais cheoldrámaíochta a sholáthar chomh maith le léirithe agus imeachtaí ealaíon, teangeolaíochta agus cultúrtha a eagrú agus gníomhaíochtaí lena gcur chun cinn.
- **Feabhsúcháin Chathartha -** troscán sráide, pábháil, cloganna, dealbha, leachtanna cuimhneacháin agus gnéithe eile a sholáthar chomh maith le soilsiú agus maisiú agus bearta eile atá leagtha amach leis an timpeallacht áitiúil a uasghrádú.
- **Cosaint agus Feabhsú Comhshaoil agus Oidhreachta -** tírdhreachú, crainn agus plandaí eile a chur, bearta a chur i bhfeidhm a bhaineann le caomhnú, coinneáil agus cosaint na dtírdhreach agus gnáthóga, a bhaineann le cosaint foirgneamh agus suíomhanna eile, agus gnéithe eile a bhfuil leas ealaíne, fóillíochta, ailtireachta, seandálaíochta, staire, oidhreachta nó nádúrtha ag baint leo.
- **Gairdíní Scóir Pobail, Aonaigh agus Margaí** – tailte, foirgnimh, seirbhísí agus áiseanna gaolmhara a sholáthar chomh maith le gníomhaíocht lena gcur chun cinn.
- **Úsáid Phoiblí as Áiseanna (nádúrtha agus déanta ag daonnaí /athrú déanta ag daonnaí orthu) -** bealaí isteach, comharthaí, páirceanna gluaisteán, trealamh sábháilteachta, faisnéis agus áiseanna bia agus deoch, lóistín/áisiúlachtaí sláintíochta, suíocháin, dídean nó aon trealamh eile a sholáthar, nó aon rud eile a bheadh riachtanach don úsáid seo.
- **Sábháilteacht Phoiblí a Chur Chun Cinn -** tacú le cláir agus imeachtaí sábháilteachta agus le seirbhísí tacaíochta sábháilteachta go háitiúil (lena n-áirítear sábháilteacht dóiteáin, sábháilteacht

ar bhóithre, sábháilteacht uisce agus tarrtháil agus sábháilteacht sléibhe agus pluaise), chomh maith le trealamh sábháilteachta a sholáthar.

**(iii) Caiteachas neamh-incháilithe.**

- Níl daoine aonair incháilithe le haghaidh maoinithe.
- Níl costais riaracháin, oibríochta ná **costais rialta** incháilithe le haghaidh maoinithe m.sh. gearradh féir, pá, costais rialta taistil, costais rialta do shólaistí, táillí do chomhairleoir/duine gairmiúil, costais/táillí árachais, táillí Comhairle/Stáit srl.*
  ** Nóta: Tá cothabháil agus breosla do lomaire féir/ciumhaisire agus costais taistil nó sólaistí aonuaire incháilithe le haghaidh maoinithe.*

**<u>3. Cén dóigh ar féidir teacht ar an Chiste?</u>**

(i) Déan teagmháil le Ball Tofa/Baill Thofa Chomhairle Contae Dhún na nGall ag lorg maoiniú uathu faoin Chiste. Déanann Baill Thofa an maoiniú seo a dháileadh ar bhonn lánroghnach. Is féidir le Ball Tofa maoiniú a dháileadh le haghaidh tionscadal amháin ar bhonn aonarach nó i gcomhar le Baill Thofa eile.

(ii) Cuireann an Ball Tofa/Baill Thofa Treoir/Foirm Leithdháilte líonta faoi bhráid oifigeach sa Chomhairle a bhíonn ag plé le Ciste Forbartha na mBall.

**<u>4. Maoiniú a tharraingt anuas – Foirm tarraingthe anuas Chiste Forbartha na mBall/Sceideal Íocaíochtaí.</u>**

(i) Dóibh siúd a fhaigheann maoiniú den chéad uair, ní mór dóibh "Foirm Tarraingthe Anuas" líonta a chur isteach ina bhfuil Uimhir Chláraithe Chánach/Charthanais an ghrúpa chomh maith le Sonraí Cuntas Bainc/Comhar Creidmheasa/Oifig an Phoist/srl.. ceannteideal ar ráiteas bainc an ghrúpa taobh istigh de na 3 mhí roimhe sin.
(ii) Beidh ar gach grúpa Foirm Iarratais Tarraingthe Anuas a líonadh ó am go chéile chun na taifid a nuashonrú.
(iii) Ní mór do thairbhithe an mhaoinithe "Sceideal Íocaíochtaí" a thaispeánann Sonra(i)sc ábhartha a íocadh agus Ráiteas Bainc/Ráitis Bhainc a ghabhann leis - a thaispeánann an dóigh ar caitheadh an t-airgead, a chur isteach taobh istigh de 6 seachtaine ón uair a gcuirtear an maoiniú ar fáil. Is féidir am breise a iarraidh ach ríomhphost a sheoladh chuig mdf@donegalcoco.ie

**<u>5. Coiníollacha Ginearálta</u>**

(i) Is é an t-aon dualgas atá ar an Chomhairle maidir leis an ghrúpa ná íocaíocht a dhéanamh ar an deontas ach ní mór don ghrúpa cloí le téarmaí agus coinníollacha Chiste Forbartha na mBall. Níl aon fhreagracht eile; freagracht airgeadais nó eile, ar an Chomhairle maidir leis an ghrúpa ná le tríú páirtithe ó thaobh caiteachas nó dliteanas de, a eascraíonn as an obair a bhaineann leis an tionscadal nó le gníomhaíochtaí an ghrúpa go ginearálta.
(ii) Ní mór go gcloífeadh an grúpa le gach oibleagáid dhlíthiúil, cead, ceadúnas srl atá i bhfeidhm.

**<u>6. Spriocamanna</u>**

Tá **<u>sé seachtaine</u>** ón lá a íocfar leithdháileadh, ag grúpaí leis an mhaoiniú a tharraingt anuas. Má bhíonn tuilleadh ama de dhíth ar ghrúpa, ní mór iarratas a dhéanamh ar ríomhphost chuig mdf@donegalcoco.ie nó ar an ghuthán (074) 9153900 Folíne 2294.